



Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 2018





**Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus
an Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas
don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018**

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
3^ú hUrlár, Teach Alexandra
6 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2
D02 W773

Teil: +353 1 6611700
Facs: +353 1 6611269
R-phost: info@aviationreg.ie

Clár na nÁbhar

1.	Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Choimisiúin	2
2.	Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtas	4
3.	Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018.....	5
4.	Ráiteas um an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2018.....	6
5.	Ráiteas um Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018.....	7
6.	Lowcostholidays Spain SL	8
7.	Premier Irish Golf Tours Ltd	9
8.	Sindaco Ltd (TO)	10
9.	Sindaco Ltd (TA).....	11
10.	Heffernan Shipping and Tourist Agency Ltd	12
11.	Nótaí atá ina gcuid de na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018	13

Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas

1. Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Choimisiúin

Ceanglaíonn Alt 13(5) agus 17(3) den Acht lompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982 (an tAcht), ar an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta (An Coimisiún) ráitis airgeadais a ullmhú i ndáil le bannaí gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas arna dtarraingt anuas, agus i ndáil leis an gCiste Cosanta Taistealaithe, agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh.

Tá sonraí faoi chórais agus nósanna imeachta rialachais agus rialaithe an Choimisiúin leagtha amach i ráiteas rialachais an Choimisiúin agus i dtuarascáil an Choimisiúin chomh maith lena Ráiteas ar Rialú Inmheánach.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítéar an méid seo a leanas ar an gCoimisiún:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh.
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, mura bhfuil an bonn sin míchuí.
- imeachtaí ábhartha ar bith ó chaighdeáin infheidhmithe chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Coimisiún freagrach as taifid imleora chuntasaíochta a choinneáil, ina nochtar le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith staid airgeadais Chuntais an Chiste agus an Bhanna agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le forálacha an Achta. Tá an Coimisiún freagrach chomh maith as a shócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh i ndáil le calaois nó mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Is í tuairim an Choimisiúin go dtugann ráitis airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe, an Bhanna Gníomhairí Taistil agus Oibreoirí Turais léargas fírinneach cóir ar an staid airgeadais.



Cathy Mannion
An Coimisinéir

Dáta: 27 Meitheamh 2019

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais
Cuntais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus Bannaí
Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas**

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Chuntais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas atá ullmhaithe ag an gCoimisiún don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018 faoi fhórálacha alt 13 agus 17 den Acht lompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil) 1982. Seo a leanas atá sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus chaiteachas agus cúlchistí coinnithe
- an ráiteas faoi sheasamh airgeadais
- an ráiteas ar shreabhadh airgid
- na cuntais bhannaí, agus
- na nótáí bainteacha, lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe cuntasáiochta tábhachtacha.

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir ar na hacmhainní, dliteanais agus ar staid airgeadais Chuntais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus Bhanna na nGníomhairí Taistil agus na dTionscnóirí Turais ar an 31 Nollaig 2018 agus dá hioncam agus caiteachas do 2018 i gcomhréir leis an gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bunús na tuairime

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iníúchóireachta (ISAnna) mar a chuirtear i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iníúchóireachta. Is iad na freagráchtai atá orm faoi na caighdeáin sin ná iad siúd a bhfuil tuairisc orthu san agusín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar a gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta agus tá mo chuid freagráchtaí eiticiúla eile comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin. Measaim gur leor agus gur cuí an fhianaise iníúchta atá faigte agam le go mbeidh sí ina bonn le mo thuairim.

Tuarascáil ar ábhair eile

Tá mo chuid freagráchtaí as tuairisc a thabhairt i ndáil leis an bhfaisnéis sin, agus ábhair áirithe eile a dtugaim tuairisc orthu trí eisceachtaí, leagtha amach san agusín leis an tuarascáil seo. Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis sin.



Andrew Harknes
Ar son agus thar ceann an Ard-Reachtaire
Cuntas agus Ciste

Aguisín don tuarascáil

Freagrachtaí an Choimisiúin

Mar a shonraítear sa ráiteas ar fhreagrachtaí an Choimisiúin, tá na freagrachtaí seo a leanas ag an gCoimisiún

- na ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm ata sainordaithe faoi alt 13 agus 17 den Acht lompair (Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turais) 1982
- déanamh cinnte go dtugtar léargas fíor agus cóir i gcomhréir le FRS 102 sna ráitis airgeadais
- déanamh cinnte go mbíonn idirbhhearta rialta
- measúnú cibé acu gur cuí úsáid a bhaint as bonn an ghnóthais leantaigh sa chuntasáiocht, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach chun gur féidir ullmhúcháin airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar thoradh ar chalaois nó earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 13 agus 17 den Acht lompair (Tionscnóirí Turais agus Gníomhairí Taistil 1982) iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus Chuntais na nGníomhairí Taistil agus na dTionscnóirí Turais agus tuairisc a thabhairt air sin do Thithe an Oireachtas.

Is í an aidhm atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh ná dearbhú réasúnta faoi cibé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomlán saor ó mhíráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní deimhniú é go mbraithfidh iniúchadh, arna chur i bhfeidhm de réir ISA míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt ó chalaois nó earráid agus meastar gur míráitis ábhartha iad más féidir bheith ag súil leis go réasúnta, go mbeadh tionchar acu ina n-aonar, nó le chéile, ar chinntí eacnamaíocha úsáideora arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim amhras gairmiúil le linn an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh,

- Déanaim rioscaí an mhíráitis ábhartha i leith na ráiteas airgeadais cibé acu de thoradh calaoise nó earráide a aithint agus a mheas ceapaim agus cuirim i bhfeidhm nósanna imeachta iniúchóireachta chun freagairt do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus cuí le go mbeidh sí ina bonn le mo thuairim. Tá an riosca a bhaineann le míráiteas ábharach a thagann ó chalaois agus gan í a aithint níos airde ná an riosca a bhaineann le míthuairisc a thagann ó earráid, mar is féidir le claoipháirtíocht, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéisí, nó sárú ar smacht inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach is cuí don iniúchadh chun nósanna imeachta a cheapadh atá cuí sna cúinsí, ach ní chun críocha tuairim a chur in iúl faoi éifeachtacht na rialuithe airgeadais.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasáiochta arna n-úsáid agus ar réasúntacht na meastachán airgeadais agus na noctuithe bainteacha.

• Tagaim ar chonclúid faoi oiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh don chuntasáiocht agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta faighe, cibé acu an bhfuil éiginneacht ábhartha i gceist a d'fhéadfadh amhras a chur ar chumas an Chiste um Chosaint Taistealaithe agus Chuntais Bhanna na nGníomhairí Taistil agus Oibreoirí Turais leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leanúnach. Má thagaim ar an gconclúid go bhfuil éiginneacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na noctuithe bainteacha sna ráitis airgeadais, mura leor na noctuithe sin, chun mo thuairim a athrú. Tá mo chuid conclúidí bunaithe ar fhianaise faighe suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh go dtarlódh imeachtaí nó go mbeadh coinníollacha i gceist sa todhchaí, áfach, a stopfadhbh an Ciste Cosanta Taistealaithe agus Cuntais na nGníomhairí Taistil agus na dTionscnóirí Turais de leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leanúnach mar thoradh orthu.

• Déanaim measúnú ar an léiriú ar an iomlán, struchtúr agus inneachar na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na noctadtadh, agus an léiríonn na ráitis airgeadais idirbhhearta bunúsacha agus imeachtaí ar bhealach a léiríonn léiriú cothrom.

• Bíonn cumarsáid agam leo siúd a mbíonn cúram leagtha orthu rialachas maidir le, i measc ábhar eile, scóip agus tráthú beartaithe an iniúchta agus fionnachtana tábhachtacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh mhóra sa rialú inmheánach a aithním le linn an iniúchta.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlacthaí Stáit maidir lena mbainistíochta agus lena n-oibriúchán. Tugaim tuairisc má aithním ábhair ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach ina ndéantar an gnó poiblí.

Tá mé ag iarráidh fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbhheart airgeadais le linn an iniúchta. Tugaim tuairisc má thugaim aon chás ábhartha ar bith faoi deara nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha beartaithe nó murar chloígh na hidirbhhearta leis na húdaráis a bhí á rialú.

Tugaim tuairisc freisin trí eisceacht más amhlaidh, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár bh leor na taifid chuntasáiochta chun go bhféadfáid na ráitis airgeadais a iniúchadh gan mhoill agus i gceart, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasáiochta.

**Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe
agus Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas**

**3. Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don
Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018**

Ioncam	Nótaí	2018	2017
		€	€
Ús		-	-
Ioncam Eile		-	-
Caiteachas			
Éilimh loicthe agus costais riarracháin	4	268,663	5,124
Costais ghinearálta riarracháin		3,874	3,226
Táillí cuntasaíochta agus gairmiúla	7	1,814	1,461
Táille iniúchta	7	3,300	3,400
		277,651	13,211
(Easnamh) don bhliain		(277,651)	(13,211)
IARMHÉID AMHAIL AN 1 EANÁIR		1,586,480	1,599,691
IARMHÉID AR AN 31 NOLLAIG		1,308,829	1,586,480

Cuimsíonn an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe na gnóthachain agus na caillteanais ar fad atá aitheanta sa bhliain.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas um Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go dtí 10.

Cathy Mannion
An Coimisinéir

Dáta: 27 Meitheamh 2019

**Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe
agus Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas**

4. Ráiteas um an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2018

		2018	2017
	Nótaí	€	€
Sócmhainní Reatha			
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid	3	1,382,701	1,624,069
		1,382,701	1,624,069
Dliteanais Reatha: Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin			
Soláthar le haghaidh Méideanna atá dlite do Shealbhóirí Banna	6	(5,768)	(27,149)
Soláthar sonrach le haghaidh éileamh gan íoc	5	(32,050)	(372)
Fabhruithe	7	(36,055)	(10,068)
		(73,833)	(37,589)
Glansócmhainní Reatha		1,308,828	1,586,480
Glansócmhainní		1,308,828	1,586,480
Lena n-ionadaítear			
Cúlchistí Ioncaim Choimeádta		1,308,828	1,586,480

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas um Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go dtí 10.



Cathy Mannion
An Coimisinéir

Dáta: 27 Meitheamh 2019

**Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithehe
agus Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas**

5. Ráiteas um Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

	2018	2017
Nótaí	€	€
Glan-insreabhadh/(glan-eis-sreabhadh)		
airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
(Easnamh) maidir le hloncam agus Caiteachas	(277,651)	(13,211)
Ús bainc a fuarthas mar għlanmhéid de na muirir bhainc a īocadh	191	-
(Lagħdū)/Méadú ar Sholáthairtí	(21,381)	27,149
(Lagħdū)/Méadú ar Mhēideanna Iníoctha	31,677	(101,172)
Méadú ar Fhabhrutie	25,987	(97,975)
(Glan-eis-sreabhadh) Airgid ó Għnīomhaíochtaí Oibriúcháin	<hr/>	<hr/>
	(241,177)	(185,209)
Sreafaí airgid ó Għnīomhaíochtaí Infheistíochta		
Ús Bainc	(191)	-
Glanlagħdú ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim	<hr/>	<hr/>
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgead Tirim ag túস na tréimhse	1,624,069	1,809,278
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgead Tirim ag deireadh na tréimhse	1,382,701	1,624,069

Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas

6. Lowcostholidays Spain SL

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus faoi na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

	Nótaí	2018	2017
Ioncam		€	€
Ioncam ón mBanna		-	-
Caiteachas			
Éilimh		-	(3,998)
Costais Riaracháin	4	244	9,122
Íocra ag an CCT		(244)	(5,124)
Barrachas/(Easnamh)		-	-
Barrachas/(Easnamh) ó na blianta roimhe		-	-
Barrachas/(Easnamh)iomlán		-	-

Ráiteas um an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2018

Sócmhainní Reatha			
Airgead sa Bhanc		16,235	17,663
Dliteanais Reatha			
Éilimh gan Íoc		-	-
Fabhruithe - Costais Riaracháin Gan Íoc		-	1,184
Dlite don CCT		16,235	16,479
Glansócmhainní/(Glandliteanais)		-	-

Nóta:

Is é luach iomlán an bhanna ná €79,423, dár glaodh €79,423. Ní raibh cistí leordhóthanacha sa bhanna chun íoc as gach dliteanas gan tarraingt ar an gCiste Cosanta Taistealaithe. Gearradh €3.57m ar an gciste ar an iomlán go deireadh 2018



Cathy Mannion
An Coimisinéir

Dáta: 27 Meitheamh 2019

**Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe
agus Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas**

7. Premier Irish Golf Tours Ltd

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus faoi na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

Ioncam	Nótaí	2018	2017
		€	€
Ioncam ón mBanna		19,000	-
Caiteachas			
Éilimh	4	32,219	-
Costais Riaracháin	4	9,177	-
Íoctha ag an CCT		(22,396)	-
Barrachas/(Easnamh)		-	-
Barrachas/(Easnamh) ó na blianta roimhe		-	-
Barrachas/(Easnamh)iomlán		-	-

Ráiteas um an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2018

Dliteanais Reatha			-
Airgead sa Bhanc		15,416	
Éilimh gan Íoc		639	-
Fabhruithe - Costais Riaracháin Gan Íoc		6,341	-
Dlite ón CCT		(22,396)	-

Glansócmhainní/(Glandliteanais)

Nóta:

Is é luach iomlán an bhanna ná €19,000, dár glaodh €19,000. Ní raibh cistí leordhóthanacha sa bhanna chun íoc as gach dliteanas gan tarraingt ar an gCiste Cosanta Taistealaithe. Gearradh suim €22,396 ar an gCiste in 2018.

Cathy Mannion
An Coimisinéir

Dáta: 27 Meitheamh 2019

Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas

8. Sindaco Ltd (TO)

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus faoi na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

	Nótaí	2018	2017
Ioncam		€	€
Ioncam ón mBanna		85,849	-
Caiteachas			
Éilimh	4	205,757	-
Costais Athdhúichithe	4	51,200	-
Costais Riaracháin	4	23,463	-
Íoctha ag an CCT		(194,571)	-
Barrachas/(Easnamh)		-	-
Barrachas/(Easnamh) ó na blianta roimhe		-	-
Barrachas/(Easnamh)iomlán		-	-

Ráiteas um an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2018

Dliteanais Reatha			
Airgead sa Bhanc		4,509	-
Éilimh gan Íoc		1,215	-
Fabhruithe - Costais Riaracháin Gan Íoc		8,847	-
Dlite ón CCT		(14,571)	-
Glansócmhainní/(Glandliteanais)		-	-

Nóta:

Is é luach iomlán an bhanna ná €85,875, dár glaodh €85,875. Ní raibh cistí leordhóthanacha sa bhanna chun íoc as gach dliteanas gan tarraingt ar an gCiste Cosanta Taistealaithe. Gearradh suim €194,571 ar an gCiste in 2018.

Cathy Mannion
An Coimisinéir

Dáta: 27 Meitheamh 2019

Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas

9. Sindaco Ltd (TA)

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus faoi na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

Ioncam	Nótaí	2018	2017
		€	€
Ioncam ón mBanna		5,768	-
Caiteachas			
Éilimh		-	-
Costais Athdhúichithe		-	-
Costais Riaracháin		-	-
Íoctha ag an CCT		-	-
Barrachas/(Easnamh)		5,768	-
Barrachas/(Easnamh) ó na blianta roimhe		-	-
Barrachas/(Easnamh) Iomlán		5,768	-

Ráiteas um an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2018

Sócmhainní Reatha

Airgead sa Bhanc	5,768	-
------------------	-------	---

Dliteanais Reatha

Éilimh gan íoc	-	-
----------------	---	---

Fabhruithe - Costais Riaracháin Gan Íoc	-	-
---	---	---

Dlite don Soláthraí Banna	5,768	-
---------------------------	-------	---

Glansócmhainní/(Glandliteanais)	-	-
--	---	---

Nóta:

Is é luach iomlán an bhanna ná €5,768, dár glaodh €5,768. Bhí go leor airgid sa bhanna le híoc as gach dliteanas gan tarraingt ar an gCiste Cosanta Taistealaithe toisc nach ndearnadh aon għlaonna ar an mbanna. Tá méid de €5,768 dlite don soláthraí banna.

Cathy Mannion
An Coimisinéir

Dáta: 27 Meitheamh 2019

**Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe
agus Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas**

10. Heffernan Shipping and Tourist Agency Ltd

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus faoi na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

	Nótaí	2018	2017
		€	€
Ioncam			
Ioncam ón mBanna		107,411	-
Caiteachas			
Éilimh	4	129,576	-
Costais Athdhúichithe		-	-
Costais Riaracháin	4	29,287	-
Íoctha ag an CCT		(51,452)	-
Barrachas/(Easnamh)		-	-
Barrachas/(Easnamh) ó na blianta roimhe		-	-
Barrachas/(Easnamh) Iomlán		-	-

Ráiteas um an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2018

Sócmhainní Reatha

Airgead sa Bhanc	70,705	-
Dliteanais Reatha		
Éilimh gan íoc	30,196	-
Fabhruithe - Costais Riaracháin Gan íoc	11,961	-
Dlite don CCT	28,548	-
Glansócmhainní/(Glandliteanais)	-	-

Nóta:

Is é luach iomlán an bhanna ná €107,411, dár glaodh €107,411. Ní raibh cistí leordhóthanacha sa bhanna chun íoc as gach dliteanas gan tarraingt ar an gCiste Cosanta Taistealaithe. Gearradh suim €51,452 ar an gciste in 2018. Tá méid de €28,548 ag dul ar ais do Chuntas an Chiste Infheistíochta Cosanta Taistealaithe.

Cathy Mannion
An Coimisinéir

Dáta: 27 Meitheamh 2019

Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas

11. Nótáí atá ina gcuid de na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

1. Beartais Chuntasaíochta

Tá na boinn chuntasaíochta agus na bearta suntasacha cuntasacha a ghlacann an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta i dtaobh an Chiste Cosanta Taistealaithe, ráitis airgeadais na nGníomhairí Taistil agus na dTionscnóirí Turais chuici féin leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach iad go léir ar feadh na bliana agus i leith na bliana roimhe sin.

a) Faisnéis Ghinearálta

Rinneadh foráil san Acht Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982 do dhaoine a chosaint a théann i mbun conarthaí taistil thar lear, le tionscnóirí turas nó le gníomhairí taistil, trí fhoráil a dhéanamh maidir leo seo a leanas:

- (a) Cheadúnú tionscnóirí turas agus gníomhairí taistil;
- (b) An ceanglas gur gá do gach gnólacht dá leithéid, sula dtabharfar ceadúnás dó, fianaise a thabhairt don Choimisiún um Rialáil Eitlíochta a thaispeánann go bhfuil páirt á glacadh aige i gcomhaontú inghlactha chun a chustaiméirí atá ag dul ag taistéal thar lear a chosaint (tugtar 'Banna' ar an gcomhaontú sin) agus;
- (c) Ciste Cosanta Taistealaithe (CCT) a bhunú chun íoc as aon ghanntanas nach gclúdaítear faoin mBanna.

Faoi fhorálacha an Achta um Rialáil Eitlíochta 2001, tá an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta freagrach as an gCiste a riar.

b) Cuntas Bhanna

Déantar foráil le gach banna, i gcás loicthe ag an tionscnóir turas nó ag gníomhaire taistil i leith conarthaí taistil thar lear, go gcuircfear suim airgid ar fáil don Choimisiún um Rialáil Eitlíochta le cur chun sochair do dhuine ar bith de na custaiméirí a thabhaigh caillteanas nó dliteanas de bharr loiceadh dá leithéid. Is féidir na riachtanais bhannaithe a chomhlíonadh trí bhanna árachais, trí bhanna bainc nó trí shuim airgid thirim a chur i dtaisce leis an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta.

Cóinníonn an Coimisiún cuntas ar leith ar an airgead go léir a fhaigheann sé de bhun gach banna a bhaineann le gníomhaire taistil nó tionscnóir turais teipthe agus ar na híocaíochtaí go léir a dhéanann sé as an airgead sin. Tá na cuntas seo ar taispeáint ar leathanaigh 7 go dtí 11.

Gearrtar costais riacháin ar na cuntas bhanna mar a thabhaítear iad. Muirearaítear éilimh sa bhliain ina dtarlaíonn an teagmhas atá ina chúis leis an éileamh. Cistí a fhaightear ó gach banna, tarraingítear anuas iad nó taispeántar iad mar chistí dlite ón sealbhóir banna sa bhliain ina dtabhaítear an caiteachas a iocatar ón mbanna.

c) An Ciste Cosanta Taistealaithe

Úsáidtear An Ciste Cosanta Taistealaithe, atá maoinithe ag ranníocaíochtaí ó thionscnóirí turas, chun íoc as caillteanas a thabhaíonn custaiméirí de bharr tionscnóirí turas nó gníomhairí taistil ceadúnaithe, sa mhéid nach bhfuil go leor airgid sna bannaí chun íoc as a leithéid de chailteanas nó dliteanas. Taispeántar méideanna a ghearrtar ar an gCiste mar Éilimh Loicthe agus Costais Riacháin sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta. Cuireadh ranníocaíochtaí ó thionscnóirí turas de bharr rialachán a ndearnadh faoin Acht ar fionraí ag tosú i mí Aibreáin 1987, mar bhí go leor airgid sa chúlchiste.

Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas

Nótaí atá ina gcuid de na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

In 2017, thosaigh an Coimisiún obair chun athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe banna atá i bhfeidhm faoi láthair agus ar oibriú an Chiste Cosanta Taistealaithe chun déanamh cinnte go leanann siad ar aghaidh ag comhlónadh go héifeachtach cuspóirí na scéime agus leibhéal cuí cosanta a thabhairt don phobal taistil. I mí Eanáir 2018, d'fhoilsíomar tuarascáil ar bhearta cosanta sa trádáil taistil do thomhaltóirí; thágamar ar an dtuairim nach bhfuil an scéim éifeachtach a thuilleadh ag an bpóinte seo. Ba é sin an chéad chéim dár gcuid oibre sa réimse sin. Cuireadh moill ar an dara céim - ina ndéanfaimid measúnú ar conas aghaidh a thabhairt ar an bhfforas nach bhfuil an scéim reatha éifeachtach a thuilleadh agus go bhfuil athruithe de dhíth ar an scéim chun é a dhéanamh éifeachtach - go dtí go ndearnadh Treoir AE 2015/2302 maidir le taistéal lánagraithe agus socruithe taistil naschta (an "Treoir")¹ a thrasúí i ndlí na hÉireann toisc go gcaithfidh aon socrúchán cosanta dócmhainneachta atá i bhfeidhm teacht go hiomlán leis an reachtaíocht. Bhíomar ag súil go mbeadh sé déanta faoi mhí lúil 2018. Mar sin féin, de thoradh na moille atá ar an trashúí agus tar éis idirbheartaíochtaí idir an Coimisiún agus an Roinn, tá cinneadh déanta ag an gCoimisiún a chuid oibre a bhaineann leis an dara céim a chur chun cinn agus tá conradh déanta aige le gnólacht saineolaithe eacnamaíocha chun comhairliúchán leis an tionscal a éascú maidir le mionsonraí na socruithe le cur i bhfeidhm chun leibhéal cosanta a bhfuil na custaiméirí ag súil leis a chur ar fáil. Beidh toradh an athbhreithnithe seo ina bhonn do chomhairle don Roinn lompair, Turasóireachta agus Spóirt.

d) Leachtú Comhlachtaí Teipthe

I gcás go dtéipfeadh ar ghníomhaire taistil nó tionscnóir turas agus go ndéanfaí leachtú ar a leithéid de ghnólacht, dhéanfaí éileamh chuig an leacthaitheoir chun méideanna ar bith a bheadh dlite a aisghabháil, méideanna a d'íocfaí ón gCiste Cosanta Taistealaithe. Tugtar fáltais de bharr éilimh dá leithéid chun cuntais de réir mar a thagann siad chun cinn.

e) Ráiteas Comhlíontachta

Uillmhaíodh ráitis airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus Chuntais na nGníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turais don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2018 i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgid a bhfuil feidhm aige sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais agus arna fhogairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairete in Éirinn.

f) Bonn Ullmhúcháin

Uillmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, cé is moite de shócmhainní agus dliteanais áirithe a rinneadh a thomhas ar a luach cóir mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach i leith nithe a mheastar atá ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais an Chiste.

¹ [http://www.aviationreg.ie/_fileupload/SI%20No%2080%20of%202019%20European%20Union%20\(Package%20Travel%20and%20Linked%20Travel%20Arrangements\)%20Regulations%202019.pdf](http://www.aviationreg.ie/_fileupload/SI%20No%2080%20of%202019%20European%20Union%20(Package%20Travel%20and%20Linked%20Travel%20Arrangements)%20Regulations%202019.pdf)

Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas

Nótaí atá ina gcuid de na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

g) Aitheantas Ioncaim

Aithnítear ioncam infhaigte ó shealbhóirí banna maidir le caiteachas a thabhaítear nuair is dócha go mbainfidh an ciste tairbhe eacnamaíoch. Nuair atá amhras mór ann go bhfaighfear méideanna atá dlite ó shealbhóirí banna ar ais, ní aithnítear an t-ioncam ábhartha agus nochtar é mar nóta. Aithnítear ioncam úis ar bhonn fabhrúithe ag baint úsáide as modh an għlanräta úis.

h) Infháltais

Aithnítear infháltais ar a luach cóir, lúide soláthar i leith fiacha amhrasacha. Is foráil sonrach í an phoráil ar fhiacha amhrasacha, agus glactar léi nuair atá fianaise réadach ann nach mbeidh an Ciste in ann na suimeanna uile atá dlite di a bhailiu. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar i leith fiacha amhrasacha sa

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

2. Gnóthas Leantach

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus tá an Coimisiún sásta go leanfaidh an Ciste ar aghaidh mar ghnóthas leantach, seachas cliseadh ábhartha, go ceann i bhfad bunaithe ar na mionsonraí atá leagtha amach in 1 c) thusa.

3. Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid

Aon airgead nach bhfuil ag teastáil chun íoc as caiteachas reatha, aistrítear chuig cuntas infheistíochta é (Cuntas Infheistíochta an Chiste Cosanta Taistealaithe) a dhéanann an tAire Airgeadais a bhainistiú agus a rialú. Cuirtear an t-ús a ghineann an Ciste do shochar ioncaim.

	2018	2017
Iarmhéid Tosaigh	1,624,069	1,809,278
Ús	-	-
Aistrithe chuig/(Aisíoctha ó)		
Cuntas Infheistíochta	(260,000)	230,000
Táille Iníúchta	-	-
Gluaiseacht sa Chuntas Reatha	18,632	(415,209)
Iarmhéid Deiridh	1,382,701	1,624,069

**Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe
agus Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas**

Nótaí atá ina gcuid de na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

4. Íocadh Éilihí Loicthe agus Costais Riaracháin mar seo a leanas:

	Leathanach	Éilihí 2018	Costais Riaracháin 2018	lomlán 2018	Gearrtha ar an mBanna 2018	Gearrtha ar an gCiste 2018
Lowcostholidays Spain SL	7	-	244	244	-	244
Premier Irish Golf Tours Ltd	8	32,219	9,177	41,396	19,000	22,396
Sindaco Ltd (TO)	9	256,957	23,463	280,420	85,849	194,571
Heffernan Shipping & Tourist	11	129,576	29,287	158,863	107,411	51,452
		418,752	62,171	480,923	212,260	268,663
Faisnéis Chomparáideach:						
Lowcostholidays Spain SL	7	(3,998)	9,122	5,124	-	5,124
Chadwell travel Ltd		1,717	1,134	2,851	2,851	-
		(2,281)	10,256	7,975	2,851	5,124

5. Éilihí gan íoc

	Leathanach	2018	2017
Premier Irish Golf Tours Ltd	8	639	-
Sindaco Ltd (TO)	9	1,215	-
Heffernan Shipping & Tourist	11	30,196	-
		32,050	-

6. Méideanna dlite do Shealbhóirí Banna

	Leathanach	2018	2017
		€	€
Sindaco Ltd (TA)	10	5,768	-
		5,768	27,149

Ráitis Airgeadais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus Bhanna Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas

Nótaí atá ina gcuid de na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

7. CCT agus Fabhruithe Banna

Fabhruithe CCT agus Banna	Leathanach	Iomlán 2018	Gearrtha ar an mBanna	Gearrtha ar an gCiste
Costais Riaracháin				-
Premier Irish Golf Tours Ltd	8	6,341	-	6,341
Sindaco Ltd (TO)	9	8,847	-	8,847
Heffernan Shipping & Tourist	11	11,961	-	11,961
Ginearálta		2,892	-	2,892
Costais Iomlána Riaracháin		30,041	-	30,041
Táillí Cuntasáiochta agus Gairmiúla		1,814	-	1,814
Táille Iniúchta ²		4,200	-	4,200
Táillí Dlíthiúla		-	-	-
		36,055	-	36,055

8. Bannaí

De bhreis ar an ngnáthmhodh bannaithe trí chomhlachtaí árachais agus trí bhainc faoi na Rialacháin Bannaithe (I.R. 102 de 1983), d'fhéadfáí an riachtanas banna a shásamh trí shuim airgid thirim a chur i dtaisce leis an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta, ina ainm agus in ainm shealbhóir an cheadúnais. An 31 Nollaig 2018, anuas ar an airgead a cuireadh san áireamh sna cuntais roimhe sin, bhí €19,696,393 curtha i dtaisce in airgead tirim leis an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta, mar a luatear thusas. Tugtar cuntas ar an tsuim sin mar shócmhainn reatha agus mar dhliteanas reatha i ráitis airgeadais an Choimisiún um Rialáil Eitlíochta.


9. Cásanna Dlí

Níl aon chásanna dlí maidir le soláthraithe banna ar feitheamh.


10. Imeachtaí tar éis an dáta tuairiscithe

Níor tharla aon imeachtaí tar éis an dáta tuairiscithe gur ghá iad a nochtadh nó a aithint sna ráitis airgeadais seo.

² Baineann an Táille Iniúchta leis na ráitis airgeadais seo agus leis an gCuntas Infheistíochta CCT chomh maith.



Financial Statements for the year ending 2018





**Travellers' Protection Fund, Travel Agents' and
Tour Operators' Bond Financial Statements**
for the year ended 31 December 2018

Commission for Aviation Regulation
3rd Floor, Alexandra House
6 Earlsfort Terrace
Dublin 2
D02 W773

Tel: +353 1 6611700
Fax: +353 1 6611269
E-mail: info@aviationreg.ie

Table of Contents

1.	Statement of Commission's Responsibilities.....	2
2.	Report of the Comptroller and Auditor General for presentation to the Houses of the Oireachtas	4
3.	Statement of Income and Expenditure and Retained Revenue Reserves for the Year ended 31st December 2018	5
4.	Statement of Financial Position as at 31 December 2018.....	6
5.	Statement of Cashflows for year ended 31 December 2018	7
6.	Lowcostholidays Spain SL	8
7.	Premier Irish Golf Tours Ltd	9
8.	Sindaco Ltd (TO)	10
9.	Sindaco Ltd (TA).....	11
10.	Heffernan Shipping and Tourist Agency Ltd	12
11.	Notes forming part of the financial statements for year ended 31 December 2018.....	13

Travellers' Protection Fund, Travel Agents' and Tour Operators' Bond Financial Statements

